Polasaí Fuinnimh

Deireadh Fómhair 2020

Mar eagraíocht agus mar eintiteas aonair tá RTÉ tiomanta i leith bainistíocht a dhéanamh ar a thomhailt fuinnimh agus i leith feabhas a chur go leanúnach ar a chóras bainistíochta fuinnimh. Is é an cuspóir bainistíochta fuinnimh atá ag RTÉ ná a chuid tomhailte fuinnimh de gach cineál a mheas agus a thuiscint, na gnéithe atá taobh thiar den tomhailt sin a thuiscint, agus feasacht, oideachas agus oiliúint chuí a chur ar fáil dá fhostaithe, dá chonraitheoirí agus dá pháirtithe leasmhara le go mbeidh siad ábalta a chuspóirí fuinnimh a chur i bhfeidhm.

Léiríonn RTÉ a thiomantas i leith na gcuspóirí seo trí:

- Cuspóirí agus spriocanna réalaíocha a leagan amach do gach ceann de na réimsí ina bhfuil tomhailt suntasach fuinnimh aige de réir Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta na hÉireann um Éifeachtúlacht Fuinnimh.
- Fáil ar eolas agus ar acmhainní a chinntiú chun próisis feabhsúcháin a sheachadadh go héifeachtach
- Tiomantas a thabhairt lena chinntiú go gcloífear le gach ceanglas dlí agus ceanglais eile
- Soláthar táirgí agus seirbhísí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh a spreagadh, agus plean a leagan amach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh
- An Polasaí Bainistíochta Fuinnimh agus na nósanna imeachta atá aige a chur in iúl d'fhostaithe, do sholáthróirí, do chonraitheoirí agus do pháirtithe leasmhara eile
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bPolasaí Fuinnimh agus a Chórais Bainistíochta Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta a chomhtháthú

Dee Forbes,

Príomh-

Stiúrthóir

Dáta 20/10/20